Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Aibreán 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0092(NLE)**

**7764/21**
**ADD 1**

**WTO 95**
**COLAC 25**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 173 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste um Thrádáil an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Chinntí Uimh. 1/2014, Uimh. 2/2014, Uimh. 3/2014, Uimh. 4/2014 agus Uimh. 5/2014 ón gCoiste um Thrádáil chun aontachas Eacuadór leis an gComhaontú a chur san áireamh agus chun liostaí na n-eadránaithe agus na saineolaithe ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe a nuashonrú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 173 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 173 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.4.2021
COM(2021) 173 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste um Thrádáil an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Chinntí Uimh. 1/2014, Uimh. 2/2014, Uimh. 3/2014, Uimh. 4/2014 agus Uimh. 5/2014 ón gCoiste um Thrádáil chun aontachas Eacuadór leis an gComhaontú a chur san áireamh agus chun liostaí na n- eadránaithe agus na saineolaithe ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe a nuashonrú**

**DRÉACHT**

**CINNEADH 2/2021 ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIR AN tAONTAS AGUS AN CHOLÓIM-PEIRIÚ-EACUADÓR**

**an XXX**

**lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2014, Cinneadh Uimh. 2/2014, Cinneadh Uimh. 3/2014, Cinneadh Uimh. 4/2014 agus Cinneadh Uimh. 5/2014 chun aontachas Eacuadór leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, a chur san áireamh, agus chun liostaí na n-eadránaithe agus na saineolaithe ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe a nuashonrú**

TÁ AN COISTE UM THRÁDÁIL,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála idir an tAontas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú Trádála' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 13 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 13(2), pointe (g)(vi) den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste um Thrádáil dul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach trí bhíthin modhnuithe dá bhforáiltear ann, ar modhnuithe iad ar fhorálacha eile atá faoi réir modhnú arna ndéanamh an gCoiste um Thrádáil de bhun foráil fhollasach den Chomhaontú. De bhun Airteagal 13(5) den Chomhaontú, agus aon cheann de na feidhmeanna atá leagtha amach san Airteagal sin á fheidhmiú aige, féadfaidh an Coiste um Thrádáil aon chinneadh a ghlacadh mar a bheartaítear sa Chomhaontú.

(2) Le Cinneadh Uimh. 1/2014, rinneadh foráil maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta de bhun Airteagal 13(1), pointe (j) den Chomhaontú.

(3) Le Cinneadh Uimh. 2/2014, rinneadh foráil maidir leis na Rialacha Nós Imeachta agus an Cód Iompair d'eadránaithe a ghlacadh de bhun Airteagal 13(1), pointe (h), agus Airteagal 315 den Chomhaontú.

(4) Le Cinneadh Uimh. 3/2014, rinneadh foráil maidir le liostaí na n-eadránaithe a bhunú de bhun Airteagal 304(1) agus (4) den Chomhaontú.

(5) Le Cinneadh Uimh. 4/2014, rinneadh foráil maidir leis na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh an Ghrúpa Saineolaithe ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe a ghlacadh de bhun Airteagal 284(6) den Chomhaontú.

(6) Le Cinneadh Uimh. 5/2014 rinneadh foráil maidir le Grúpa Saineolaithe a bhunú i ndáil le saincheisteanna a chumhdaítear leis an Teideal maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe de bhun Airteagal 284(3) den Chomhaontú.

(7) Chun aontachas Eacuadór leis an gComhaontú Trádála a chur san áireamh agus chun an gá le liostaí na n-eadránaithe agus na saineolaithe ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe a nuashonrú, ba cheart Cinntí Uimh. 1/2014, Uimh. 2/2014, Uimh. 3/2014, Uimh. 4/2014 agus Uimh. 5/2014 ón gCoiste um Thrádáil a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2014 ó Choiste Trádála AE-na Colóime-Pheiriú an 16 Bealtaine 2014 maidir le glacadh na Rialacha Nós Imeachta dá dtagraítear i bpointe (j) d’Airteagal 13(1) den Chomhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile [2015/1045] a leasú mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh an Coiste um Thrádáil a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 12 den Chomhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile (‘an Comhaontú’), a dhualgais de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 12 den Chomhaontú agus glacfaidh sé freagracht as an gComhaontú a oibriú agus a chur i bhfeidhm i gceart.’,

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Is é Aire Trádála, Tionscail agus Turasóireachta na Colóime, Aire Trádála Eachtraí agus Turasóireachta Pheiriú, Aire Táirgthe, Trádála Eachtraí, Infheistíochta agus Iascaigh Eacuadór, nó an Comhalta den Choimisiún atá freagrach as trádáil a bheidh ina chathaoirleach ar an gCoiste um Thrádáil ar bhonn uainíochta bliantúla. Tosóidh an chéad tréimhse ar dháta an chéad chruinnithe den Choiste um Thrádáil agus críochnóidh sí an 31 Nollaig an bhliain chéanna. Féadfaidh an Cathaoirleach a shocrú go ndéanfaidh daoine a ainmneoidh sé faoi seach ionadaíocht thar a cheann mar a fhoráiltear in Airteagal 12(2) den Chomhaontú.’;

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Tiocfaidh an Coiste um Thrádáil le chéile uair amháin sa bhliain nó ar iarratas ó cheachtar den dá Pháirtí, mar a fhoráiltear in Airteagal 12(2) den Chomhaontú. Tionólfar na cruinnithe ar bhonn uainíochta, in Bogotá, sa Bhruiséil, i Líoma agus in Quito, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.’.

*Airteagal 2*

Déantar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2014 ó Choiste Trádála AE-na Colóime-Pheiriú an 16 Bealtaine 2014 maidir le glacadh na Rialacha Nós Imeachta agus an Chóid Iompair d’eadránaithe, dá dtagraítear i bpointe (h) d’Airteagal 13(1) agus Airteagal 315 den Chomhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile [2015/1046] a leasú mar a leanas:

(1) i Riail 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ciallaíonn ‘an Comhaontú’ an Comhaontú Trádála idir an Cholóim agus Peiriú, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a síníodh sa Bhruiséil an 26 Meitheamh 2012, arna leasú le Prótacal Aontachais Eacuadór leis an gComhaontú, a síníodh an 11 Samhain 2016;’

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Riail 7:

‘7. Más lá saoire dlíthiúil ag an gColóim, ag Peiriú, ag Eacuadór nó ag an Aontas Eorpach é an lá deireanach chun doiciméad a sheachadadh, féadfar an doiciméad a sheachadadh ar an gcéad lá gnó eile.’

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Riail 33:

‘33. Mura gcomhaontóidh na páirtithe díospóide a mhalairt, is sa Bhruiséil a thionólfar an éisteacht más í an Cholóim, Peiriú nó Eacuadór an Páirtí is déantóir gearáin agus in Bogotá, i Líoma nó in Quito, de réir mar a bheidh, más é an tAontas an Páirtí is déantóir gearáin.’

*Airteagal 3*

Déantar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 3/2014 ó Choiste Trádála AE-na Colóime-Pheiriú an 16 Bealtaine 2014, lena mbunaítear liostaí eadránaithe dá dtagraítear in Airteagal 304(1) agus (4) den Chomhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile [2015/1047], a leasú mar a leanas:

(1) leasaítear ‘Liosta na n-eadránaithe dá dtagraítear in Airteagal 304(1) den Chomhaontú’ mar a leanas:

(a) sa liosta ‘Eadránaithe arna moladh ag an gColóim’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2 agus phointe 3:

‘2. Javier Gamboa

3. Claudia Orozco’,

(b)cuirtear an liosta seo a leanas isteach idir an liosta ‘Eadránaithe arna moladh ag an gColóim’ agus an liosta ‘Eadránaithe arna moladh ag an Aontas’:

‘Eadránaithe arna moladh ag Eacuadór

1. Hugo Perezcano Díaz

2. Alejandro Sánchez

3. Carlos Vejar

4. Alan Yanovich

5. Andrés Jana’,

(c) sa liosta ‘Eadránaithe arna moladh ag Peiriú’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4 agus phointe 5:

‘4. Victor Saco

5. Javier Hernando Illescas Mucha’,

(d) sa liosta ‘Cathaoirligh’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘2. Pedro Negueloaetcheverry (Eacuadór)’

(2) déantar an ‘Liosta breise d’eadránaithe a bhfuil taithí earnála acu ar ábhair shonracha a chumhdaítear leis an gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 304(4) den Chomhaontú’ a leasú mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal ‘Saineolaithe ar Thrádáil in Earraí’, cuirtear an liosta seo a leanas isteach idir an liosta ‘Eadránaithe arna moladh ag an gColóim’ agus an liosta ‘Eadránaithe arna moladh ag an Aontas’:

‘Eadránaithe arna moladh ag Eacuadór

1. Pablo Bentes

2. Jan Bohanes

3. Sofía Bonilla',

(b) faoin gceannteideal 'Saineolaithe i réimsí na Trádála i Seirbhísí, Bunaíochtaí, na hIomaíochta, na gCeart Maoine Intleachtúla nó an tSoláthair Rialtais', cuirtear an liosta seo a leanas isteach idir an liosta 'Eadránaithe arna moladh ag an gColóim' agus an liosta 'Eadránaithe arna moladh ag an Aontas':

'Eadránaithe arna moladh ag Eacuadór

1. Gustavo Guerra

2. Alfredo Corral

3. Genaro Eguiguren',

(c) faoin gceannteideal 'Saineolaithe i réimsí na Trádála i Seirbhísí, Bunaíochtaí, na hIomaíochta, na gCeart Maoine Intleachtúla nó an tSoláthair Rialtais', i Liosta na gCathaoirleach, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

'2. Tania Voon'

*Airteagal 4*

Déantar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 4/2014 ó Choiste Trádála AE-na Colóime-Pheiriú an 16 Bealtaine 2014 maidir le glacadh na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh an Ghrúpa Saineolaithe um Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 284(6) den Chomhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile [2015/1048], a leasú mar seo a leanas:

(1) i Riail 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ciallaíonn 'an Comhaontú' an Comhaontú Trádála idir an Cholóim agus Peiriú, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a síníodh an 26 Meitheamh 2012, arna leasú le Prótacal Aontachais Eacuadór leis an gComhaontú, a síníodh an 11 Samhain 2016.'

*Airteagal 5*

Déantar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 5/2014 ó Choiste Trádála AE-na Colóime-Pheiriú an 16 Bealtaine 2014, lena mbunaítear Grúpa Saineolaithe maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an Teideal maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, dá dtagraítear in Airteagal 284(3) den Chomhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile [2015/1049], a leasú mar seo a leanas:

(1) i 'Liosta na saineolaithe', cuirtear isteach na pointí 13, 14, 15 agus 16 seo a leanas:

'13. María Amparo Albán

14. Alice Tipping

15. Leopoldo González

16. Fabián Jaramillo';

(2) sa liosta 'Cathaoirligh', cuirtear na pointí 7 agus 8 seo a leanas leis:

'7. Jacob Olander

8. Martín Padulla’.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […].

Déanfar an Cinneadh seo a tharraingt suas i dteangacha oifigiúla na bPáirtithe sa Chomhaontú agus beidh na téacsanna sin uile barántúil ar an mbonn céanna

Arna dhéanamh i/in/sa [...]

*Don Choiste um Thrádáil*